Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Eanáir 2024
(OR. en)

5423/24

DUAL USE 9
CFSP/PESC 68

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Treoirlínte lena leagtar amach an mhodheolaíocht chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil chun an tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú de bhun Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Treoirlínte lena leagtar amach an mhodheolaíocht chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil chun an tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú de bhun Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an 4000ú cruinniú a bhí aici an 16 Eanáir 2024.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Treoirlínte lena leagtar amach an mhodheolaíocht chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil chun an tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú de bhun Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

# CLÁR

GLUAIS ..... 5
RÉAMHRÁ ..... 9
1. Forálacha dlí ábhartha ..... 10
2. Cur chun feidhme ..... 11
3. Bailiú sonraí ..... 11
4. Sonraí maidir le hítimí dé-úsáide, nach n-aicmítear mar ítimí cibearfhaireachais de réir Airteagal 2(20) den Rialachán ..... 12
4.1 Cineálacha ítimí ..... 12
4.2 Faisnéis maidir le húdaruithe ..... 13
4.2.1 Údaruithe aonair ..... 13
4.2.2 Údaruithe Onnmhairiúcháin Foriomlána ..... 13
4.2.3 Údaruithe Ginearálta Náisiúnta agus Údaruithe Ginearálta ón Aontas ..... 13
5. Sonraí breise le haghaidh na tuarascála bliantúla ón Aontas ..... 14
5.1 Forbhreathnú ar údaruithe de réir a gcineáil chomhfhreagraigh (maidir leis an gceadúnas) ..... 14
5.2 Úsáideoirí cláraithe Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin Náisiúnta agus Údaraithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas ..... 14
5.3 Sonraí maidir le húsáid Údaruithe Onnmhairiúcháin Ginearálta agus Foriomlána ..... 14
6. Diúltuithe agus toirmisc ..... 15
7. Sonraí maidir le hítimí dé-úsáide a aicmítear mar ítimí cibearfhaireachais de réir Airteagal 2(20) den Rialachán ..... 15
8. Faisnéis maidir le riarachán agus forfheidhmiú ..... 16
9. Ullmhú na tuarascála bliantúla ón Aontas maidir le rialuithe ar onnmhairí dé-úsáide ..... 16
9.1 An tuarascáil bhliantúil ón Aontas maidir le húdaruithe ..... 16
9.1.1 Údaruithe aonair ..... 16
9.1.2 Údaruithe Onnmhairiúcháin Foriomlána ..... 18
9.1.3 Údaruithe Onnmhairiúcháin Ginearálta Náisiúnta ..... 19
9.1.4 Úsáid Údaruithe Onnmhairiúcháin Ginearálta Náisiúnta, Foriomlána agus ón Aontas ..... 23
9.1.5 Diúltuithe agus toirmisc (Iarscríbhinn A) ..... 25
9.1.6 Ítimí cibearfhaireachais ..... 26
10. Faisnéis maidir le rialuithe a riar agus a fhorfheidhmiú ..... 27
10.1 Rialuithe a riar ..... 27
10.2 Rialuithe a fhorfheidhmiú ..... 27

IARSCRÍBHINN A ....................................................................................................28
CATAGÓIR 0 – ÁBHAIR NÚICLÉACHA, SAORÁIDÍ NÚICLÉACHA, AGUS TREALAMH NÚICLÉACH ....................................................................................................28
CATAGÓIR 1 – ÁBHAIR SPEISIALTA AGUS TREALAMH GAOLMHAR ....................28
CATAGÓIR 2 – PRÓISEÁIL ÁBHAR....................................................................................................29
CATAGÓIR 3 – LEICTREONAIC ....................................................................................................29
CATAGÓIR 4 – RÍOMHAIRÍ ....................................................................................................29
CATAGÓIR 5 – TEILEACHUMARSÁID AGUS SLÁNDÁIL FAISNÉISE ........................30
CATAGÓIR 6 – BRAITEOIRÍ AGUS LÉASAIR....................................................................................................30
CATAGÓIR 7 – LOINGSEOIREACHT AGUS EITLEONAIC ....................................................................................................31
CATAGÓIR 8 – CURSAÍ MUIRÍ....................................................................................................31
CATAGÓIR 9 – AERSPÁS AGUS TIOMÁINT ....................................................................................................31
ÍTIMÍ NEAMHLIOSTAITHE....................................................................................................32
IARSCRÍBHINN B....................................................................................................33

**GLUAIS**

Mínítear nó sainítear sa ghluais seo téarmaí a úsáidtear arís agus arís eile sna treoirlínte seo. Tagraíonn na hítimí a bhfuil * leo do shainmhínithe ó Rialachán an Aontais maidir le dé-úsáid 2021/821 agus Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Níor cheart na tuairiscí ar ítimí gan * a thuiscint mar shainmhínithe atá ceangailteach ó thaobh dlí.

| **Téarma** | **Sainmhíniú** |
|---|---|
| Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II nó Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán an Aontais maidir le dé-úsáid | Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II nó Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú. Déantar na hiarscríbhinní a thabhairt cothrom le dáta gach bliain trí bhíthin Gníomh Tarmligthe ón gCoimisiún. Chun na leaganacha is déanaí a fháil, féach https://eur-lex.europa.eu |
| Údarú | Tá an sainmhíniú ar údarú i gcomhthéacs thuarascáil bhliantúil an Aontais le fáil in Airteagail 2 (12), 2 (13), 2 (14), 2 (15), 2 (16) de Rialachán (AE) 2021/821 agus mínítear a thuilleadh é in Airteagail 4, 6, 7, 8, 11, 12 agus 13 den Rialachán:<br>▪ Údaruithe aonair agus foriomlána, lena n-áirítear le haghaidh tionscadail mhóra<br>▪ Údaruithe onnmhairiúcháin ginearálta náisiúnta agus ón Aontas<br>▪ Údaruithe chun seirbhís bróicéireachta a sholáthar<br>▪ Údaruithe idirthurais<br>▪ Údaruithe chun cúnamh teicniúil a sholáthar<br>▪ Údaruithe idirthurais laistigh den Aontas<br>▪ Údaruithe le haghaidh ítimí nach liostaítear in Iarscríbhinn I ach atá faoi réir údarú faoi 'uileghabhálach'<br>▪ Údaruithe faoi bheart rialaithe náisiúnta: le haghaidh ítimí nach liostaítear in Iarscríbhinn I ach atá faoi réir rialú faoi bhearta náisiúnta. |
| Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas | Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2021/821 |
| Rialuithe uileghabhálacha | Rialuithe onnmhairiúcháin le haghaidh ítimí |

| | |
|---|---|
| | dé-úsáide neamhliostaithe de réir na gcoinníollacha, go háirithe dá dtagraítear in Airteagail 4, 5, 9 agus 10 de Rialachán an Aontais maidir le dé-úsáid. |
| Ítimí cibearfhaireachais* | Ítimí dé-úsáide atá saindeartha chun faireachas ceilte ar dhaoine nádúrtha a chumasú trí shonraí a bhaint, a bhailiú nó a anailísiú ó fhaisnéis agus ó chórais teileachumarsáide nó trí fhaireachán a dhéanamh orthu – Airteagal 2 (20) de Rialachán (AE) 2021/821. |
| Diúltuithe / toirmisc | Ní mór an sainmhíniú ar dhiúltú / ar thoirmeasc i gcomhthéacs na tuarascála bliantúla a fháil in Airteagail 3, 4, 6, 7 agus 8 de Rialachán (AE) 2021/821:<br>▪ Diúltuithe onnmhairiúcháin (Airteagail 3 agus 4)<br>▪ Diúltuithe chun seirbhísí bróicéireachta a sholáthar (Airteagal 6)<br>▪ Toirmisc ar idirthuras (Airteagal 7)<br>▪ Diúltú chun cúnamh teicniúil a sholáthar (Airteagal 8) |
| Ítimí dé-úsáide* | Ítimí, lena n-áirítear bogearraí agus teicneolaíocht, is féidir a úsáid chun críoch sibhialta agus míleata araon, agus áirítear orthu ítimí is féidir a úsáid chun airm núicléacha, cheimiceacha nó bhitheolaíocha nó a modhanna seachadta a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh nó a úsáid, lena n-áirítear gach ítim is féidir a úsáid chun críoch neamhphléascach agus a chabhraíonn ar bhealach ar bith le hairm núicléacha nó feistí pléascáin núicléacha eile a mhonarú – Airteagal 2 (1). |
| An Rialachán maidir le Dé-Úsáid (dá ngairtear an 'Rialachán' freisin) | Rialachán (AE) 2021/821 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairí, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú |
| Ceann scríbe | An tír ina bhfuil an coinsíní lonnaithe, de réir faisnéise a chuir an t-onnmhaireoir ar fáil don údarás inniúil. Is í an tír is ceann scríbe deiridh an áit a bhfuil an t-úsáideoir deiridh lonnaithe. |
| Onnmhairiú* | Sainmhínithe mar a leanas:<br>▪ nós imeachta onnmhairithe de réir bhrí Airteagal 269 de Chód Custaim an Aontais; |

| | |
|---|---|
| | ▪ ath-onnmhairiú de réir bhrí Airteagal 270 de Chód Custaim an Aontais; bíonn ath-onnmhairiú ann freisin más rud é, le linn idirthurais trí chríoch chustaim an Aontais de réir phointe (11) d'Airteagal 2 de Rialachán an Aontais maidir le dé-úsáid, nach mór dearbhú imeachta achomair a thaisceadh toisc go bhfuil ceann scríbe deiridh na n-ítimí athraithe;<br>▪ nós imeachta próiseála amach de réir bhrí Airteagal 259 de Chód Custaim an Aontais;<br>▪ bogearraí nó teicneolaíocht a tharchur ar mhodhanna leictreonacha, lena n-áirítear trí fhacs, teileafón, post leictreonach nó aon mhodh leictreonach eile chuig ceann scríbe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais; áirítear leis sin na bogearraí agus an teicneolaíocht sin a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha nó do chomhpháirtíochtaí lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais; áirítear leis freisin tarchur na teicneolaíochta ó bhéal nuair a dhéantar cur síos ar an teicneolaíocht thar mheán tarchurtha gutha – Airteagal 2 (2). |
| Onnmhaireoir* | Aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon chomhpháirtíocht a dhéanann an méid seo a leanas:<br>▪ tráth a chuirtear isteach an dearbhú onnmhairiúcháin nó an dearbhú ath-onnmhairiúcháin nó tráth a ghlactar an dearbhú imeachta achomair, a shealbhaíonn an conradh leis an gcoinsíní sa tríú tír agus ag a bhfuil an chumhacht cinneadh a dhéanamh go seolfar na hítimí amach as críoch chustaim an Aontais; i gcás nár tugadh aon chonradh onnmhairiúcháin i gcrích nó mura ngníomhaíonn sealbhóir an chonartha thar a cheann féin, ciallaíonn onnmhaireoir an duine a bhfuil an chumhacht aige a chinneadh go seolfar na hítimí amach as críoch chustaim an Aontais.<br>▪ a chinnfidh bogearraí nó teicneolaíocht a tharchur trí mheán leictreonach, lena n-áirítear trí fhacs, teileafón, post leictreonach nó trí aon mhodh leictreonach eile chuig ceann scríbe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais nó na bogearraí agus an teicneolaíocht sin a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach do dhaoine nádúrtha nó |

| | |
|---|---|
| | dlítheanacha nó do chomhpháirtíocht lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais. Nuair is ag duine, eintiteas nó comhlacht a bhfuil cónaí air lasmuigh den Aontas nó atá bunaithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais atá an ceart an ítim dé-úsáide a dhiúscairt, de bhun an chonartha ar a bhfuil an t-onnmhairiú bunaithe, measfar gurb é an t-onnmhaireoir an páirtí conarthach ar a bhfuil cónaí san Aontas nó atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais.<br>▪ Aon duine nádúrtha a iompraíonn na hítimí dé-úsáide atá le honnmhairiú i gcás ina bhfuil na hítimí dé-úsáide sin i mbagáiste pearsanta an duine de réir bhrí phointe (a) d'Airteagal 1(19) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún – Airteagal 2 (3). |
| An Clár Inmheánach um Chomhlíonadh (CIC)* | Beartais agus nósanna imeachta éifeachtacha, iomchuí agus comhréireacha atá leanúnach arna nglacadh ag onnmhaireoirí chun comhlíonadh fhorálacha agus chuspóirí an Rialacháin seo agus théarmaí agus choinníollacha na n-údaruithe a chuirtear chun feidhme faoin Rialachán seo a éascú, lena n-áirítear, inter alia, bearta díchill chuí lena ndéantar measúnú ar na rioscaí a bhaineann le honnmhairiú na n-ítimí chuig úsáideoirí deiridh agus le húsáidí deiridh – Airteagal 2 (21). |
| Aistriú nó aistriú laistigh den Aontas | Ítim dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán an Aontais maidir le dé-úsáid, aistriú nó tarchur na hítime sin ó sholáthróir i mBallstát amháin chuig faighteoir i mBallstát eile den Aontas. |
| Ítimí dé-úsáide liostaithe | Ítimí dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán an Aontais maidir le dé-úsáid. |
| Ítimí dé-úsáide neamhliostaithe | Ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I agus IV a ghabhann le Rialachán an Aontais maidir le dé-úsáid agus ar féidir leo teacht faoi réir rialuithe onnmhairiúcháin (rialuithe uileghabhála). Áirítear leis ítimí atá (píosa beag) faoi bhun na dtairseach teicniúil a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán an Aontais maidir le dé-úsáid. |
| An Grúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid | An Grúpa Comhordúcháin maidir le Dé-Úsáid a bhunaítear faoi Airteagal 24 den Rialachán |

**RÉAMHRÁ**[1]

Le glacadh Rialachán (AE) 2021/821 (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta), léiríonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do cheanglais dhlíthiúla láidre a chothú maidir le hítimí dé-úsáide, chomh maith le malartú faisnéise ábhartha a neartú agus trédhearcacht níos fearr.

Déantar foráil leis an Rialachán den chéad uair gur cheart go n-áireofaí sa tuarascáil bhliantúil ón Aontas maidir le cur chun feidhme rialuithe faisnéis ábhartha faoi cheadúnú agus forfheidhmiú rialuithe faoin Rialachán, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le cosaint rúndacht sonraí áirithe a áirithiú, go háirithe i gcás ina bhféadfadh tarchur nó foilsiú sonraí ceadúnúcháin difear a dhéanamh do chosaint, do bheartas eachtrach nó d'ábhair imní maidir leis an tslándáil náisiúnta nó cosaint faisnéise atá íogair ó thaobh pearsanta agus tráchtála de a chur i mbaol (Airteagal 26).

Ó bhí 2013 ann, tá sásra bailithe sonraí forbartha ag an nGrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid, ar bhonn deonach, agus thacaigh sé le tuarascáil bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle a ullmhú, tuarascáil ina bhfuil sonraí ceadúnaithe AE comhiomlánaithe agus faisnéis eile a bhaineann le rialú onnmhairiúcháin. Tugadh faoin mbailiú sonraí ar bhonn bliantúil agus méadaíodh an córas de réir a chéile chun sonraí a bhaineann le cineálacha éagsúla údaruithe a ghabháil, mar aon le sonraí maidir le rialuithe a riar, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Bhí sé bunaithe ar cheistneoir a forbraíodh sa Ghrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid.

Tugtar tuairisc sna treoirlínte seo ar an modheolaíocht nua chun sonraí a bhailiú agus a fhoilsiú, ar sonraí iad ar cheart a áireamh i dtuarascáil bhliantúil an Aontais. Tá an mhodheolaíocht le cur i bhfeidhm ag údaráis cheadúnúcháin na mBallstát (dá ngairtear 'údaráis inniúla' anseo feasta freisin) – i gcomhar le húdaráis eile (amhail údaráis chustaim) i gcás inarb iomchuí – agus ag an gCoimisiún chun an tuarascáil bhliantúil ón Aontas maidir le rialú onnmhairí dé-úsáide a ullmhú[2], tuarascáil lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí uile an Aontais sa limistéar rialaithe onnmhairí dé-úsáide.

Cuirfear san áireamh go háirithe sna critéir chun an mhodheolaíocht a shainiú chun sonraí a bhailiú agus chun an tuarascáil bhliantúil a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 26(2) den Rialachán an gá atá le hualaigh agus costais riaracháin a laghdú.

Dá bhrí sin, ní théann an mhodheolaíocht thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach, agus malartú éifeachtach faisnéise ábhartha á áirithiú ag an am céanna.

---

**1** Baineann na treoirlínte sin le hullmhú na tuarascála bliantúla ón Aontas maidir le rialú onnmhairí dé-úsáide, agus aithnítear ag an am céanna go bhfuil cleachtais éagsúla ag údaráis inniúla na mBallstát maidir le tuairisciú poiblí ar bhonn náisiúnta.

**2** Tá an méid sin gan dochar don mhalartú faisnéise idir na Ballstáit agus an Coimisiún '*d'fhonn éifeachtúlacht chóras rialaithe onnmhairí an Aontais a fheabhsú agus d'fhonn a áirithiú go ndéanfar rialú a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach agus go héifeachtach ar fud chríoch chustaim an Aontais*', i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2021/821.

Sainghrúpa teicniúil ar a raibh ionadaithe ó údaráis rialaithe onnmhairiúcháin na mBallstát[3] a d'ullmhaigh na treoirlínte seo, sainghrúpa a raibh Ard-Stiúrthóireacht Trádála an Choimisiúin Eorpaigh ina chathaoirleach air. Cuirtear san áireamh sna treoirlínte freisin torthaí an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara a rinne Ard-Stiúrthóireacht Trádála an Choimisiúin Eorpaigh idir an 24 Eanáir agus an 28 Feabhra 2023[4].

Cuirtear na treoirlínte sin ar fáil chun an tuarascáil bhliantúil ón Aontas maidir le sonraí ceadúnúcháin dé-úsáide a ullmhú agus tá feidhm acu maidir le sonraí ceadúnúcháin 2022 agus ina dhiaidh sin. I bhfianaise staid reatha cur chun feidhme an Rialacháin nua maidir le Dé-Úsáid, féadfar na treoirlínte seo maidir leis an modheolaíocht a nuashonrú agus a fheabhsú a thuilleadh de réir mar is gá amach anseo.

## 1. FORÁLACHA DLÍ ÁBHARTHA

Sonraítear in Airteagal 26 (2), mír 2, an fhaisnéis is gá a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil ón Aontas i gcoitinne. Leagtar síos sa chéad abairt an bhonnlíne maidir le tuairisciú ar údaruithe, ar dhiúltú agus ar thoirmisc: '*Beidh faisnéis sa tuarascáil bhliantúil maidir le húdaruithe (go háirithe líon agus luach de réir cineálacha ítimí agus de réir cinn scríbe ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát), diúltuithe agus toirmisc faoin Rialachán seo. Áireofar sa tuarascáil bhliantúil freisin faisnéis faoin riarachán (go háirithe soláthar foirne, gníomhaíochtaí comhlíonta agus for-rochtana, uirlisí tiomnaithe ceadúnaithe nó aicmithe) agus forfheidhmiú rialuithe (go háirithe líon na sáruithe agus na bpionós)*'.

An fhoclaíocht '*de réir cineálacha ítimí agus de réir cinn scríbe*' atá idir lúibíní in Airteagal 26 (2), mír 2, ní mór í a léamh mar fhoclaíocht lena gceanglaítear **údaruithe a thuairisciú de réir cinn scríbe agus, ar leithligh, de réir cineálacha ítimí**. Meastar go bhfuil an léirmhíniú sin comhsheasmhach leis an ngá atá le faisnéis íogair a chosaint faoi Airteagal 26 (3) agus an gá atá le seachaint an bhaoil go mbainfí an bonn de chinntí sriantacha ceadúnaithe san Aontas a sheachaint[5].

Tagraíonn '**faisnéis maidir le húdaruithe**' do cheadúnais le haghaidh onnmhairí dé-úsáide arna n-eisiúint nó arna ndeonú ag na Ballstáit faoi Rialachán an Aontais maidir le Dé-Úsáid nó faoi dhlíthe náisiúnta.

Maidir le **diúltuithe agus toirmisc**, tuairisceofar figiúirí ábhartha **ar leibhéal an Aontais**, ós rud é nach ann don fhoclaíocht '*líon agus luach de réir cineálacha ítimí agus de réir cinn scríbe ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát*' sa chuid ábhartha d'Airteagal 26 (2).

---

[3] Bhí roinnt cruinnithe ag an sainghrúpa teicniúil idir mí Feabhra 2022 agus mí an Mheithimh 2023.

[4] https://policy.trade.ec.europa.eu/consultations/guidelines-data-collection-and-preparation-eu-annual-report-dual-use-export-controls-under_en

[5] Dá ndéanfaí sonraí maidir le húdaruithe de réir cinn scríbe agus de réir cineálacha ítimí a chur le chéile i dtábla amháin, is rídhócha go sárófaí rúndacht na n-onnmhaireoirí nó go mbainfí an bonn de chinntí sriantacha ceadúnaithe san Aontas.

Maidir le h**ítimí cibearfhaireachais**, déantar foráil leis an tríú mír d'Airteagal 26 (2) go n-áireofar sa tuarascáil bhliantúil '*faisnéis thiomnaithe maidir le húdaruithe, go háirithe maidir le líon na n-iarratas a fuarthas de réir ítim, an Ballstát eisiúna agus na cinn scríbe a mbaineann na hiarratais sin leo, agus maidir leis na cinntí a rinneadh i leith na n-iarratas sin*'.

Dá bhrí sin, beidh roinn shonrach maidir le hítimí cibearfhaireachais sa tuarascáil bhliantúil. Áireofar ann líon na n-iarratas a gheobhaidh na Ballstáit **chomh maith leis an liosta de na cinn scríbe uile** a mbaineann na hiarratais sin leo agus na Ballstáit lena mbaineann. Léirmhínítear an fhoclaíocht 'cinntí a dhéantar i leith na n-iarratas sin' mar údarú nó diúltú/toirmeasc, agus cuirfear an fhaisnéis sin in iúl mar **fhigiúr iomlán AE** do na hítimí cibearfhaireachais ábhartha uile.

## 2. CUR CHUN FEIDHME

Beidh sé d'aidhm ag an gCoimisiún an tuarascáil bhliantúil a luaitear in Airteagal 26 den Rialachán a fhoilsiú sa chéad seimeastar den bhliain dár gcionn (bliain tagartha + 1), ag brath ar infhaighteacht agus iomláine iarbhír na sonraí náisiúnta agus fachtóirí ábhartha eile.

Dá bhrí sin, ní mór tarchur iomlán ceart na sonraí ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún a chur i gcrích an 30 Aibreán gach bliain ar a dhéanaí[6].

Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin athbhreithniú ar na sonraí a tharchuirfidh na húdaráis inniúla agus ullmhóidh siad an tuarascáil bhliantúil i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid.

## 3. BAILIÚ SONRAÍ

Faoi fhorálacha an Rialacháin um Dhé-Úsáid, ceanglófar ar na Ballstáit faisnéis maidir le húdaruithe chun an tuarascáil bhliantúil a ullmhú a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

---

6 Soláthróidh seirbhísí an Choimisiúin táblaí comhshó airgeadra náisiúnta/USD/EUR go luath i mí Eanáir gach bliain.

Ba cheart an mhodheolaíocht reatha maidir le bailiú sonraí a bheith inbhuanaithe le himeacht ama, rud a ligfeadh do na Ballstáit faisnéis ábhartha a sholáthar don Choimisiún ar bhealach éifeachtúil agus costéifeachtach, atá fónta ó thaobh staidrimh de, agus a thugann aird chuí ar fhaisnéis phearsanta, faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó faisnéis maidir le cosaint, leis an mbeartas eachtrach nó leis an tslándáil náisiúnta atá faoi chosaint a chosaint. Ba cheart go mbeadh gá an-bheag le hathbhreithnithe de bharr na modheolaíochta freisin, agus nuashonruithe bliantúla rialta ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán á gcur san áireamh. Ní úsáidfear an mhodheolaíocht sin – lena n-áirítear na sonraí a bhaileofar – chun aon chríche eile seachas an tuarascáil bhliantúil ón Aontas a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 26 den Rialachán.

## 4. SONRAÍ MAIDIR LE HÍTIMÍ DÉ-ÚSÁIDE, NACH N-AICMÍTEAR MAR ÍTIMÍ CIBEARFHAIREACHAIS DE RÉIR AIRTEAGAL 2(20) DEN RIALACHÁN

### 4.1 Cineál ítimí

Tá aicmiú na n-ítimí dé-úsáide in Iarscríbhinn I an-mhionsonraithe – tá os cionn 1800 iontráil inti de réir an aicmithe alfa-uimhriúil iomláin. Is é sin an bhunréasúnaíocht leis na hiontrálacha in Iarscríbhinn I a bheith curtha le chéile i ngrúpaí ag reachtóirí an Aontais de réir 'cineálacha ítimí' (Airteagal 26(2), mír 1) chun críoch na tuarascála bliantúla ón Aontas.

Cé gur táirgí deiridh so-aitheanta iad cuid de na hítimí – e.g. imoibreoir núicléach (ECCN 0A001) – is codanna níos lú agus comhpháirteanna de tháirgí eile iad a lán eile, e.g. comhlaí, caidéil, ábhair speisialta, comhpháirteanna do chiorcaid iomlánaithe etc. Chun an leibhéal trédhearcachta is gá sa tuairisciú poiblí a cheadú agus bailiú éifeachtúil inbhuanaithe sonraí á áirithiú le himeacht ama, an bhonnlíne maidir le cinneadh cineálacha ítimí, rinneadh cinneadh go dtógfaidh an bhonnlíne ar aicmiú ítimí dé-úsáide ar leibhéal 5 dhigit agus é á áirithiú ag an am céanna go dtacóidh an cinneadh maidir le 'cineálacha ítimí' le faisnéis fhiúntach a sholáthar ó thaobh slándála, beartais agus trádála de.

Dá bhrí sin, tugtar tuairisc in **Iarscríbhinn A** a ghabhann leis na treoirlínte seo ar an liosta de 'cineálacha ítimí' atá le húsáid chun sonraí ceadúnúcháin a bhailiú agus chun an tuarascáil bhliantúil ón Aontas a ullmhú.

Déanfar na húdaruithe a mhiondealú de réir cineáil ítime agus de réir cinn scríbe ábhartha i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin agus cineál, cuspóir agus saintréithe na gcineálacha éagsúla údaruithe á gcur san áireamh, chomh maith leis na cleachtais éagsúla sna Ballstáit maidir le húdaruithe a dheonú agus sonraí a bhailiú. Is gá, dá bhrí sin, bailiú agus tíolacadh sonraí ábhartha ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún a chur in oiriúint de réir shaintréithe na gcineálacha údaruithe éagsúla agus cleachtas náisiúnta éagsúil.

Aithnítear leis an modheolaíocht sin freisin go bhféadfadh údaruithe tagairt a dhéanamh d'ítimí iomadúla a thagann faoi roinnt cineálacha éagsúla ítimí. .

Is é a bheidh sa bhliain tagartha an bhliain inar eisíodh an t-údarú.

**4.2 Faisnéis maidir le húdaruithe**

*4.2.1 Údaruithe aonair*

Measfar gur ceadúnais aonair chun críoch na modheolaíochta seo iad Údaruithe Aonair Onnmhairiúcháin, Údaruithe Bróicéireachta, Údaruithe Cúnaimh Theicniúil, Údaruithe Idirthurais, Údaruithe Idirthurais laistigh den Aontas, Údaruithe faoi bheart rialaithe náisiúnta agus Údaruithe le haghaidh ítimí neamhliostaithe. Cuirfidh na Ballstáit sonraí ceadúnaithe ar fáil don Choimisiún dá réir sin.

*4.2.2 Údaruithe Onnmhairiúcháin Foriomlána*

Agus aird á tabhairt ar chineál, ar chuspóir agus ar shaintréithe gach cineáil údaraithe, aithnítear sa mhodheolaíocht sin gurb iad luachanna onnmhairiúcháin measta nó neamhtheoranta is minice a bhíonn sna húdaruithe onnmhairiúcháin foriomlána agus go ndeonaítear iad le haghaidh ítim amháin nó níos mó agus ceann scríbe amháin, nó le haghaidh ítim amháin nó níos mó agus níos mó ná ceann scríbe amháin. Dá réir sin, laghdaíonn údaruithe foriomlána an t-ualach riaracháin ar na húdaráis inniúla agus na honnmhaireoirí maidir le hidirbhearta comhchosúla agus/nó idirbhearta rialta. Chun cuspóirí neamhleata a chosaint, ceanglaítear ar onnmhaireoirí clár inmheánach comhlíontachta a dhréachtú agus a chur isteach chun cáiliú do cheadúnas foriomlán. Ós rud é go bhfágann an Rialachán cumraíocht nithiúil na n-údaruithe foriomlána faoi na Ballstáit, tá feidhm ag cleachtais éagsúla ar fud na mBallstát freisin. Chun faisnéis fhónta a chur ar fáil don phobal, agus cleachtais náisiúnta éagsúla agus réasúnaíocht na n-údaruithe onnmhairiúcháin foriomlána á gcur san áireamh – mar a mhínítear a thuilleadh thuas – is gá an bailiú agus an tuairisciú ábhartha sonraí a oiriúnú i leith na nÚdaruithe Onnmhairiúcháin Foriomlána, i gcomhréir leis na táblaí thíos, ós rud é go meastar gurb é sin is ionadaí agus is úsáidí don tuairisciú poiblí. Cuirfidh na Ballstáit sonraí ceadúnaithe ábhartha ar fáil don Choimisiún dá réir sin.

*4.2.3 Údaruithe Ginearálta Náisiúnta agus Údaruithe Ginearálta ón Aontas*

Agus aird á tabhairt ar nádúr gach cineáil údaraithe, cuirtear an méid seo a leanas san áireamh sa mhodheolaíocht seo:

- Deonaíonn an tAontas Eorpach Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas *ex lege* d'onnmhaireoirí a thugann fógra d'údaráis inniúla agus na réamhchoinníollacha ábhartha a bhunaítear sa Rialachán á gcomhlíonadh acu, lena n-áirítear glacadh agus comhlíonadh na gclár inmheánach um chomhlíonadh agus na n-oibleagáidí tuairiscithe, mar a bhunaítear leis na dlíthe náisiúnta is infheidhme.

- Deonaíonn na Ballstáit Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin Náisiúnta ex lege d'onnmhaireoirí a thugann fógra d'údaráis inniúla agus na réamhchoinníollacha ábhartha a bhunaítear le dlíthe náisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh acu, lena n-áirítear glacadh agus comhlíonadh na gclár inmheánach um chomhlíonadh agus na n-oibleagáidí tuairiscithe.

- Ó thaobh an neamhleata de, eisítear Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin Náisiúnta agus ón Aontas chun trádáil ítimí dé-úsáide a éascú agus, ag an am céanna, an t-ualach riaracháin ar onnmhaireoirí agus ar údaráis rialaithe onnmhairí a laghdú

Meastar, dá bhrí sin, gurb iomchuí an mhodheolaíocht ábhartha bailithe sonraí agus tuairiscithe a oiriúnú, agus cuirfidh na Ballstáit sonraí ceadúnaithe ábhartha ar fáil don Choimisiún dá réir sin.

Déanfar tagairt sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún don fhoilsiú is déanaí d'Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas, mar aon le hÚdaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin Náisiúnta, in iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil bhliantúil.

## 5. SONRAÍ BREISE LE HAGHAIDH NA TUARASCÁLA BLIANTÚLA ÓN AONTAS

### 5.1 Forbhreathnú ar údaruithe de réir a gcineáil chomhfhreagraigh (maidir leis an gceadúnas)

Cé nach bhfuil sé sin éigeantach faoi na forálacha dlíthiúla is infheidhme, meastar go mbeadh sé úsáideach dá dtíolacfadh na Ballstáit sonraí freisin ar bhonn deonach maidir le líon agus luach na n-údaruithe de réir cineálacha ceadúnais.

### 5.2 Úsáideoirí cláraithe Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin Náisiúnta agus Údaraithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas

Chun faisnéis a chur ar fáil faoi fhógraí onnmhaireoirí i gcomhréir leis an Rialachán[7], meastar gurb iomchuí go gcuirfidh na Ballstáit faisnéis in iúl ar bhonn deonach maidir le líon na n-onnmhaireoirí a thug fógra don údarás inniúil nó atá cláraithe leis an údarás inniúil chun údaruithe ginearálta ón Aontas nó údaruithe ginearálta náisiúnta a úsáid.

### 5.3 Sonraí maidir le húsáid Údaruithe Onnmhairiúcháin Ginearálta agus Foriomlána

Ós rud é gurb iad Údaruithe Onnmhairiúcháin Foriomlána, Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas agus Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin Náisiúnta an bunús dlí le haghaidh sciar ard d'onnmhairiú iomlán an Aontais d'ítimí dé-úsáide, meastar go bhfuil sé úsáideach go soláthródh na Ballstáit sonraí breise maidir le húsáid údaruithe den sórt sin, nuair is ann dóibh.

Ar mhaithe le comhsheasmhacht, léireofar sa tuarascáil ón gCoimisiún dá réir sin nach ionann sonraí maidir le húdaruithe agus sonraí a léiríonn úsáid údaruithe.

[7] Féach na forálacha ábhartha maidir le hÚdaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas, 'An t- onnmhaireoir a úsáideann an t-údarú seo, ní mór dó fógra a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó bunaithe faoi chéadúsáid an údaraithe seo tráth laistigh de 30 lá tar éis an dáta a rinneadh an chéad onnmhairiú nó, de rogha air sin, agus i gcomhréir le ceanglas ó údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó bunaithe, roimh chéadúsáid an údaraithe seo. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin sásra maidir le fógra a thabhairt arna roghnú don údarú seo. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a dtabharfar fógra dó ina leith a fhoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh'.

Cuirtear an méid seo a leanas san áireamh sa mhodheolaíocht sin:

- Is féidir leis na Ballstáit na sonraí breise sin a sholáthar ar bhonn deonach.
- I gcás sonraí breise maidir le hÚdaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin Foriomlána, Náisiúnta agus ón Aontas a úsáid, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh sonraí a sholáthar ó staidreamh custaim maidir le honnmhairí iarbhír nó sonraí arna dtuairisciú ag onnmhaireoirí, ag brath ar infhaighteacht iarbhír[8].
- I gcásanna áirithe, léireoidh na sonraí sin údaruithe a deonaíodh roimh an mbliain tagartha, ós rud é go n-úsáidtear an ceadúnas thar roinnt blianta tar éis an t-údarú a dheonú.
- I gcomhréir le foráil an Rialacháin, tá cleachtais riaracháin éagsúla ag na Ballstáit faoi láthair maidir le ceanglais ar a n-onnmhaireoirí maidir le fógra a thabhairt.

## 6. DIÚLTUITHE AGUS TOIRMISC

Luaitear in Airteagal 26 den Rialachán go n-áireofar sa tuarascáil bhliantúil ón Aontais faisnéis maidir le diúltú agus toirmeasc. Ní thugtar le fios sa Rialachán gur cheart sonraí ábhartha a thuairisciú de réir uimhreacha, luachanna, ceann scríbe ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát. Meastar, áfach, gurb iomchuí líon na ndiúltuithe agus na dtoirmeasc ar leibhéal an Aontais a thuairisciú chomh maith lena luach iomlán chun críoch staidrimh, mar atá sa chleachtas tuairiscithe bliantúil reatha.

Cé nach n-éilítear luach na ndiúltuithe leis an Rialachán, meastar go bhfuil sé úsáideach go gcuirfeadh na Ballstáit na sonraí sin in iúl ar bhonn deonach chun an tuarascáil bhliantúil a ullmhú.

## 7. SONRAÍ MAIDIR LE HÍTIMÍ DÉ-ÚSÁIDE A AICMÍTEAR MAR ÍTIMÍ CIBEARFHAIREACHAIS DE RÉIR AIRTEAGAL 2(20) DEN RIALACHÁN

Is éard atá sa sainmhíniú in Airteagal 2(20) maidir le hítimí cibearfhaireachais na hítimí sin a liostaítear in Iarscríbhinn I chomh maith le hítimí neamhliostaithe.

In **Iarscríbhinn B**, tugtar tuairisc ar na hítimí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán a mheastar go gcomhlíonann siad sainmhíniú Airteagal 2(20). Ní mór do na Ballstáit an cinneadh i dtaobh an gcomhlíonann ítim neamhliostaithe ceanglais an tsainmhínithe dhlíthiúil a chinneadh ar bhonn cás ar chás.

Ní mór iarratais agus údaruithe le haghaidh ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe a áireamh sa tuarascáil bhliantúil freisin, bunaithe ar shonraí arna soláthar ag na Ballstáit.

---

8 Maidir le sonraí arna soláthar ag onnmhaireoirí, is féidir leis na Ballstáit iad a chur isteach i gcomhréir leis na ceanglais maidir le fógra a thabhairt atá ag na honnmhaireoirí sna hÚdaruithe Ginearálta Foriomlána agus Náisiúnta faoi seach. Chun inchomparáideacht agus comhleanúnachas a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, le tuilleadh athbhreithnithe a dhéanfar ar an modheolaíocht sin breithneofar nach bhféadfaí ach sonraí custaim amháin a úsáid.

Is féidir iarratais agus údaruithe le haghaidh ítimí liostaithe eile a áireamh sa tuarascáil, bunaithe ar chinneadh an údaráis inniúil ábhartha.

Cuirfidh na Ballstáit sonraí ceadúnaithe ábhartha ar fáil don Choimisiún dá réir sin**.**

## 8. FAISNÉIS MAIDIR LE RIARACHÁN AGUS FORFHEIDHMIÚ

Chun na ceanglais trédhearcachta a leagtar síos sa Rialachán a chomhlíonadh, cuirfidh na Ballstáit faisnéis faoi na nithe seo a leanas in iúl don Choimisiún:

- An fhoireann san údarás (Uimhir na n-oifigeach ceadúnúcháin/saineolaithe a oibríonn ar rialuithe dé-úsáide)
- Gníomhaíochtaí comhlíontachta agus for-rochtana a rinneadh sa bhliain (comhdhálacha, cruinnithe le comhlachais tionscail, etc.)
- Uirlisí ceadúnaithe nó uirlisí rialaithe onnmhairí eile a chuirtear chun feidhme.
- Líon na sáruithe a tharla agus na pionóis a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain (agus aird chuí á tabhairt ar an reachtaíocht is infheidhme, mar shampla maidir le cosaint sonraí pearsanta).
- Soláthróidh na Ballstáit freisin, ar bhonn deonach, faisnéis maidir le tuarascálacha bliantúla náisiúnta a fhoilseofar maidir le cur chun feidhme rialuithe dé-úsáide sa bhliain tagartha agus maidir le foinsí ábhartha idirlín, de réir mar a bheidh ar fáil[9].

## 9. ULLMHÚ NA TUARASCÁLA BLIANTÚLA ÓN AONTAS MAIDIR LE RIALUITHE AR ONNMHAIRÍ DÉ-ÚSÁIDE

Ullmhóidh an Coimisiún an tuarascáil bhliantúil bunaithe ar shonraí a chuirfidh na Ballstáit ar fáil de réir na modheolaíochta a thuairiscítear sna treoirlínte seo. Bainfidh an tuarascáil úsáid as uirlisí agus cairteacha léirshamhlaithe sonraí chun inchomparáideacht le himeacht ama a áirithiú.

Tugtar samplaí sna táblaí thíos de tháblaí sonraí a úsáidfear chun an tuarascáil bhliantúil a ullmhú.

### 9.1 An tuarascáil bhliantúil ón Aontas maidir le húdaruithe

*9.1.1 Údaruithe aonair*

**Tábla 1**:**Údaruithe aonair** (líon agus luach) a fhoilsiú i dtuarascáil bhliantúil an Aontais de réir na g**cineálacha ítimí**.

[9] Níl sé riachtanach de réir an dlí ach foilsítear é le haghaidh tuilleadh faisnéise.

**Sampla**

| Bliain | Cineál ítim | Cineál tuairisce ar an ítim | Ballstáit | Luach EUR | An líon údaruithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 2022 | 0EC1 | Cineál ítime 1 | XX | 300 | 3 |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | XY | 200 | 2 |
| | | | | | |
| | | Iomlán | | 500 | 5 |
| | 1EC2 | Cineál ítime 2 | XY | 1,200 | 8 |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | XZ | 1,000 | 10 |
| | | | | | |
| | | Iomlán | | 2,200 | 18 |
| | 2EC3 | Cineál ítime 3 | XZ | 500 | 5 |
| | | | | | |
| | | Iomlán | | 500 | 5 |
| | Iomlán | | | <u>3,200</u> | <u>28</u> |

**Tábla 2:Údaruithe aonair** (líon agus luach) a fhoilsiú i dtuarascáil bhliantúil an Aontais **de réir na gceann scríbe**.

**Sampla**

| Bliain | Ceann scríbe | Ballstáit | Luach EUR[10] | An líon údaruithe |
|---|---|---|---|---|
| 2022 | An Bhrasaíl | XZ | 500 | 5 |
| | An tSín | XY | 1,000 | 10 |
| | SAM | XX | 200 | 2 |
| | Iomlán | | 1,700 | 17 |

Ní thugtar le fios in Airteagal 26 den Rialachán gur cheart miondealú ar údaruithe de réir a gcineáil a áireamh sa tuarascáil bhliantúil. Mar sin féin, meastar go bhfuil sé úsáideach agus iomchuí an fhaisnéis sin a thuairisciú, bunaithe ar shonraí arna soláthar ag na Ballstáit ar bhonn deonach.

*9.1.2 Údaruithe Onnmhairiúcháin Foriomlána*

Foilsiú sonraí a bhaineann le h**údaruithe onnmhairiúcháin foriomlána** (cinn scríbe agus cineálacha ítimí)[11]

**Sampla**

**Tábla 3 – Cinn scríbe**

| ID ISO cinn scríbe | ID ISO Ballstáit | An líon údaruithe ginearálta arna n-eisiúint |
|---|---|---|
| US | | 3 |
| | | 2 |
| | | 4 |
| | | 1 |
| CN | | 2 |
| | | 5 |
| MY | | 4 |
| | | 3 |

**Tábla 4 – Cineál ítimí**

| Cineál ítimí | ID ISO Ballstáit | An líon údaruithe ginearálta arna n-eisiúint |
|---|---|---|
| 0EC01 | | 4 |

10 Míle EUR.
11 Ag brath ar infhaighteacht iarbhír sonraí ó na Ballstáit.

| | | |
|---|---|---|
| | | 1 |
| | | 1 |
| | | 4 |
| 1EC03 | | 2 |
| | | 5 |
| 4EC05 | | 5 |
| | | 3 |

**Tábla 5 – Luach na nÚdaruithe Onnmhairiúcháin Ginearálta**[12]

| ID ISO Ballstáit | Luach EUR |
|---|---|
| | |
| | |
| HU | |
| NL | |

*9.1.3 Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin Náisiúnta*

**Tábla 6 – Cinn scríbe**

12 Ós rud é nach gceanglaíonn gach Ballstát ar onnmhaireoirí luach ábhartha a léiriú agus iad ag cur isteach ar Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin, beidh feidhm ag an tábla seo de réir mar is iomchuí.

**Sampla**

| ID ISO cinn scríbe | ID ISO Ballstáit | Líon na n-údaruithe náisiúnta ginearálta onnmhairiúcháin[13] |
|---|---|---|
| US | | 3 |
| | | 2 |
| | | 4 |
| | | 1 |
| CN | | 2 |
| | | 5 |
| MY | | 4 |
| | | 3 |

**Tábla 7 – Cineál ítimí**

**Sampla**

| Cód cineáil ítimí | ID ISO Ballstáit | Líon na n-údaruithe náisiúnta ginearálta onnmhairiúcháin[14] |
|---|---|---|
| 0EC01 | | 4 |
| | | 1 |
| | | 1 |
| | | 4 |
| 1EC03 | | 2 |

13 Lena n-áirítear an ceann scríbe ábhartha.
14 Lena n-áirítear an cineál ítime ábhartha.

| | | |
|---|---|---|
| | | 5 |
| 4EC05 | | 5 |
| | | 3 |

**Tábla 8 – Luach na nÚdaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin**[15]

**Sampla**

| ID ISO Ballstáit | Luach |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

**Tábla 9 Údaruithe** (líon agus luach) a fhoilsiú i dtuarascáil bhliantúil an Aontais **de réir na gcineálacha ceadúnas**

**Sampla**

| Bliain | ID Cineáil Ceadúnais | Cineál Ceadúnais | Cineál sonraí | ID ISO Ballstáit | Luach EUR[16] | Líon |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2022 | ID1 | Údarú aonair onnmhairiúcháin | Údaruithe | | 100 | 70 |
| | | | | | 200 | 30 |
| | | | Iomlán | | 300 | 100 |
| | | | | | | |
| | ID2 | Údarú foriomlán onnmhairiúcháin[17] | Údaruithe | | 200 | 20 |
| | | | | | 100 | 40 |
| | | | Iomlán | | 300 | 60 |

15 Más infheidhme de réir an chleachtais náisiúnta.
16 Milliún EUR.
17 Bunaithe ar luach arna sholáthar ag na Ballstáit ar bhonn deonach, de réir mar is infheidhme.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |
| | ID3 | Údarú ginearálta onnmhairiúcháin náisiúnta | Údaruithe | | Más infheidhme | 3 |
| | | | | | Más infheidhme | 4 |
| | | | Iomlán | | XXX | 7 |
| | | | | | | |
| | ID4 | Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas[18] | Údaruithe | | Más infheidhme | 8 |
| | | | | | Más infheidhme | 8 |
| | | | Iomlán | | XXX | 16 |
| | | | | | | |
| | ID5 | Údarú bróicéireachta[19] | Údaruithe | | 50 | 10 |
| | | | | | 50 | 3 |
| | | | Iomlán | | 100 | 13 |
| | | | | | | |
| | ID6 | Údarú cúnaimh theicniúil[20] | Údaruithe | | 700 | 40 |
| | | | | | 100 | 5 |
| | | | Iomlán | | 800 | 45 |
| | | | | | | |
| | ID7 | Údarú idirthurais[21] | Údaruithe | | 80 | 3 |
| | | | | | 50 | 1 |
| | | | Iomlán | | 130 | 4 |
| | | | | | | |
| | ID8 | Údarú faoi bheart rialaithe | Údaruithe | | 50 | 40 |

18 Luach arna sholáthar ag na Ballstáit ar bhonn deonach.
19 Arna chur ar fáil ag na Ballstáit don Choimisiún ar bhonn deonach.
20 Féach thuas.
21 Féach thuas.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | náisiúnta[22] | | | 50 | 10 |
| | | | Iomlán | | 100 | 50 |
| | | | | | | |
| | ID9 | Údarú le haghaidh ítimí neamhliostaithe[23] | Údaruithe | | 100 | 10 |
| | | | | | 50 | 5 |
| | | | Iomlán | | 150 | 15 |
| | | | | | | |
| | ID10 | Údarú idirthurais laistigh den Aontas[24] | Údaruithe | | 60 | 25 |
| | | | | | 20 | 15 |
| | | | Iomlán | | 80 | 40 |
| | Iomlán | | | | XXX | YYY |

*9.1.4 Úsáid Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin Náisiúnta, Foriomlána agus ón Aontas[25]*

**Tábla 10** – Úsáid **Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas** ag onnmhaireoirí

Fógraí céadúsáide – **Sampla**

| Bliain | ID ISO 2 Ballstáit | EU001[26] | Luach[27] EUR | EU002 | Luach EUR | EU003 | Luach EUR | EU004 | Luach EUR | EU008 | Luach EUR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2022 | | 4 | | 1 | | 1 | | 4 | | 4 | |
| 2022 | | 5 | | 4 | | 2 | | 3 | | 5 | |
| 2022 | | 7 | | 5 | | 4 | | 2 | | 6 | |
| 2022 | | 1 | | 6 | | 5 | | 1 | | 3 | |
| 2022 | | 2 | | 7 | | 5 | | 3 | | 2 | |
| 2022 | | 3 | | 8 | | 3 | | 5 | | 1 | |
| 2022 | | 8 | | 6 | | 2 | | 5 | | 4 | |

22 Féach thuas.
23 Féach thuas.
24 Féach thuas.
25 De réir sonraí arna gcur ar fáil go deonach ag na Ballstáit maidir le húsáid Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas.
26 Líon na bhfógraí céadúsáide ó onnmhaireoirí sa bhliain – I gcás gach Údaraithe Ghinearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas is infheidhme.
27 Luach iomlán an onnmhairithe bunaithe ar staidreamh custaim nó ar thuarascálacha ó onnmhaireoirí. De réir sonraí maidir le luachanna arna gcur ar fáil go deonach ag na Ballstáit maidir le húsáid Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas.

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2022 | | 4 | | 7 | | 1 | | 2 | | 5 | |

**Tábla 11** – Líon iomlán na n-onnmhaireoirí a úsáideann Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas

**Sampla**

| ID ISO 2 Ballstáit | EU001 | EU002 | EU003 | EU004 | EU005 | EU006 | EU007 | EU008 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 14 | | | | | | | |
| | 20 | | | | | | | |
| | 16 | | | | | | | |

**Tábla 12** – Úsáid **Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin Náisiúnta** ag onnmhaireoirí

**Sampla**

| Bliain | ID ISO 2 Ballstáit | Líon na bhfógraí céadúsáide nó na gcéad chlárúchán sa bhliain | Líon iomlán na n-onnmhaireoirí a úsáideann Údaruithe Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin |
|---|---|---|---|
| 2022 | | 14 | |
| 2022 | | 20 | |
| 2022 | | 16 | |

**Tábla 13** – Sonraí breise[28]: **sonraí de réir cineál ítimí**

**Sampla**

| Bliain | ID ISO 2 Ballstáit[29] | Cód tagartha don chineál ítime | Luach EUR | Tuairisc ghairid ar an údarú ábhartha – Údarú Onnmhairiúcháin Foriomlán nó Náisiúnta – nó cód an Údaraithe Ghinearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas |
|---|---|---|---|---|
| 2022 | | 0EC01 | 300 | |
| 2022 | | 1EC03 | 1000 | |

**Tábla 14** – Sonraí breise[30]: **sonraí de réir cinn scríbe**

[28] Arna chur ar fáil ag na Ballstáit ar bhonn deonach maidir le hÚdaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin Foriomlána, Náisiúnta agus ón Aontas a úsáid.

[29] Na Ballstáit ábhartha a bhfuil sonraí ábhartha curtha ar fáil acu ar bhonn deonach, agus na Ballstáit sin amháin.

**Sampla**

| Bliain | ID ISO 2 Ballstáit | ID ISO 2 Cinn Scríbe | Luach EUR | Tuairisc ghairid ar an údarú ábhartha – Údarú Onnmhairiúcháin Foriomlán nó Náisiúnta – nó cód an Údaraithe Ghinearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas |
|---|---|---|---|---|
| 2022 | | US | 300 | |
| 2022 | | CN | 1000 | |

*9.1.5 Diúltuithe agus toirmisc (Iarscríbhinn A)*

**Tábla 15** – Sonraí a foilsíodh sa tuarascáil bhliantúil ón Aontas maidir le **diúltuithe agus toirmisc**

**Sampla**

| **Bliain XXXX** |
|---|
| **Líon na ndiúltuithe agus na dtoirmeasc (iomlán san Aontas)** |

[30] Féach thuas.

| XX |
|---|

Léireofar sa tuarascáil bhliantúil ón Aontas freisin céatadán coibhneasta na n-idirbheart a diúltaíodh i gcomparáid le luach údaruithe dé-úsáide san Aontas sa bhliain tagartha.

*9.1.6 Ítimí cibearfhaireachais*

**Tábla 16** – Sonraí maidir le h**iarratais** le haghaidh ítimí cibearfhaireachais a fhoilsiú sa tuarascáil bhliantúil ón Aontas (Iarscríbhinn B)

**Sampla**

| | **Bogearraí ionraidh** | **Córais idircheaptha teileachumarsáide** | **Córais faireachais ar an idirlíon** | **Bogearraí monatóireachta cumarsáide** | **Uirlisí fóiréinseacha /imscrúdaitheacha** | **Eile (liostaithe)[31]** | **Eile (neamhliostaithe)[32]** | *Iomlán* | *Cinn Scríbe[33]* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarratais a fuarthas** | 54 | 89 | 76 | 3 | 4 | *4* | | *XXX* | *X,Y,Z,W* |
| **Ballstáit Eisiúna[34]** | Liosta na mBallstát | Liosta na mBallstát | Liosta na mBallstát | Liosta na mBallstát | Liosta na mBallstát | Liosta na mBallstát | Liosta na mBallstát | | |

**Tábla 17** – Sonraí maidir le h**údaruithe, diúltuithe agus toirmisc** le haghaidh ítimí cibearfhaireachais a fhoilsiú sa tuarascáil bhliantúil ón Aontas (Iarscríbhinn B)

**31** Ítimí liostaithe eile is féidir a úsáid mar ítimí cibearfhaireachais.
**32** Ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe eile is féidir a úsáid mar ítimí cibearfhaireachais.
**33** Liosta cód tíre.
**34** I gcás nach liostaítear ach Ballstát amháin nó dhá Bhallstát mar údaráis eisiúna, rachaidh seirbhísí an Choimisiúin i gcomhairle leis na húdaráis lena mbaineann, agus gheobhaidh sé freagra dearfach ó na Ballstáit a ndeachthas i gcomhairle leo chun sonraí a thuairisciú ar bhealach a chosnaíonn rúndacht faisnéise pearsanta nó tráchtála, nó faisnéis maidir le cosaint chosanta, beartas eachtrach nó slándáil náisiúnta.

**Sampla**

| Bliain 2022 – AE | |
|---|---|
| Líon na ndiúltuithe agus na dtoirmeasc a eisíodh | Liosta na mBallstát ábhartha |
| An líon údaruithe a eisíodh | Liosta na mBallstát ábhartha |

## 10. FAISNÉIS MAIDIR LE RIALUITHE A RIAR AGUS A FHORFHEIDHMIÚ

Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil bhliantúil ón Aontas.

### 10.1 Rialuithe a riar

Líon na m**ball foirne (coibhéis lánaimseartha)** a bhfuil baint dhíreach acu le riar rialuithe san Aontas: xx

Úsáid **uirlisí rialaithe onnmhairiúcháin**:

- Córas **ceadúnúcháin leictreonach**: liosta na mBallstát a úsáideann córas ríomhcheadúnaithe
- Uirlis **aicmithe**: liosta na mBallstát a úsáideann uirlisí aicmithe
- **Uirlisí eile***:* liosta na mBallstát a úsáideann uirlisí nó bogearraí eile chun tacú le honnmhaireoirí agus/nó le húdaráis rialaithe onnmhairiúcháin agus rialuithe á gcur i bhfeidhm

Líon na n-**imeachtaí for-rochtana** a eagraíodh sa bhliain dá dtagraítear: **yy**

Hipearnaisc chuig **tuarascálacha náisiúnta**, de réir mar atá ar fáil.

### 10.2 Rialuithe a fhorfheidhmiú

Líon na n-**iniúchtaí comhlíontachta** a rinneadh: xx Lena n-áirítear gníomhaireachtaí custaim nó gníomhaireachtaí eile.

An líon **sáruithe** arna dtuairisciú: yy

Líon na b**pionós/fíneálacha riaracháin agus coiriúla a forchuireadh**: xx Ag aon ghníomhaireacht náisiúnta forfheidhmithe ábhartha, i gcás sárú ar rialacháin maidir le rialú onnmhairí.

**IARSCRÍBHINN A**

**Cineálacha ítimí de réir Airteagal 26 (2), mír 2, de Rialachán (AE) 2021/821 (gan ítimí cibearfhaireachais a áireamh)**

**CATAGÓIR 0 – ÁBHAIR NÚICLÉACHA, SAORÁIDÍ NÚICLÉACHA, AGUS TREALAMH NÚICLÉACH**

| **Cód tagartha** | **Cineálacha ítimí** |
|---|---|
| 0EC1 | Ábhair, saoráidí, gléasra agus trealamh núicléach |
| 0EC2 | Bogearraí le haghaidh ábhair núicléacha, saoráidí núicléacha agus trealamh núicléach |
| 0EC3 | Teicneolaíocht le haghaidh ábhair núicléacha, saoráidí núicléacha agus trealamh núicléach |

**CATAGÓIR 1 – ÁBHAIR SPEISIALTA AGUS TREALAMH GAOLMHAR**

| **Cód tagartha** | **Cineálacha ítimí** |
|---|---|
| 1EC1 | Ábhair, comhpháirteanna agus struchtúir le haghaidh aerárthaí/aeraspáis |
| 1EC2 | Pléascáin, liáin agus trealamh gaolmhar |
| 1EC3 | Ábhair shnáithíneacha, fhiliméadacha, agus trealamh táirgthe |
| 1EC4 | Miotail agus cóimhiotail speisialta agus trealamh lena n-aghaidh |
| 1EC5 | Ítimí agus trealamh sa réimse núicléach |
| 1EC6 | Ceimiceáin thocsaineacha, réamhtheachtaithe, pataiginí, tocsainí agus orgánaigh ghéinmhodhnaithe, trealamh cosanta agus braite gaolmhar agus comhpháirteanna gaolmhara |
| 1EC7 | Bogearraí le haghaidh ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar |
| 1EC8 | Teicneolaíocht le haghaidh ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar |

**CATAGÓIR 2 – PRÓISEÁIL ÁBHAR**

| **Cód tagartha** | **Cineálacha ítimí** |
|---|---|
| 2EC1 | Uirlisí agus córais meaisín agus comhpháirteanna le haghaidh trealamh tionsclaíoch |
| 2EC2 | Trealamh monaraithe ceimicigh agus bitheolaíoch |
| 2EC3 | Bogearraí le haghaidh próiseáil ábhar |
| 2EC4 | Teicneolaíocht le haghaidh próiseáil ábhar |

**CATAGÓIR 3 – LEICTREONAIC**

| **Cód tagartha** | **Cineálacha ítimí** |
|---|---|
| 3EC1 | Ítimí leictreonacha agus comhpháirteanna leictreonacha |
| 3EC2 | Cóimeálacha leictreonacha, modúil leictreonacha agus trealamh leictreonach |
| 3EC3 | Ítimí leictreonacha is féidir a úsáid i bhfeidhmeanna núicléacha |
| 3EC4 | Trealamh chun feistí nó ábhair leathsheoltóra a mhonarú agus a thástáil |
| 3EC5 | Ábhair leathsheoltóra |
| 3EC6 | Bogearraí le haghaidh leictreonaic |
| 3EC7 | Teicneolaíocht le haghaidh leictreonaic |

**CATAGÓIR 4 – RÍOMHAIRÍ**

| **Cód tagartha** | **Cineálacha ítime nó 'ítim'** |
|---|---|
| 4EC1 | Ríomhairí |

| | |
|---|---|
| 4EC2 | Bogearraí le haghaidh ríomhairí |
| 4EC3 | Teicneolaíocht le haghaidh ríomhairí |

**CATAGÓIR 5 – TEILEACHUMARSÁID AGUS SLÁNDÁIL FAISNÉISE**

| **Cód tagartha** | **Cineálacha ítime nó 'ítim'** |
|---|---|
| 5EC1 | Ítimí agus trealamh teileachumarsáide |
| 5EC2 | Ítimí agus trealamh slándála faisnéise agus criptea-anailíse |
| 5EC3 | Bogearraí le haghaidh teileachumarsáide agus na slándála faisnéise |
| 5EC4 | Teicneolaíocht le haghaidh teileachumarsáide agus na slándála faisnéise |

**CATAGÓIR 6 – BRAITEOIRÍ AGUS LÉASAIR**

| **Cód tagartha** | **Cineálacha ítimí** |
|---|---|
| 6EC1 | Trealamh optúil agus fuaimiúil, comhpháirteanna gaolmhara agus ábhair ghaolmhara; braiteoirí eile |
| 6EC2 | Léasair, trealamh gaolmhar agus ábhair ghaolmhara |
| 6EC3 | Córais radair, trealamh gaolmhar agus comhpháirteanna gaolmhara |
| 6EC4 | Bogearraí le haghaidh braiteoirí agus léasar |
| 6EC5 | Bogearraí le haghaidh braiteoirí agus léasar |

**CATAGÓIR 7 – LOINGSEOIREACHT AGUS EITLEONAIC**

| **Cód tagartha** | **Cineálacha ítimí** |
|---|---|
| 7EC1 | Trealamh le haghaidh loingseoireachta támhúil |
| 7EC2 | Trealamh eile a bhaineann le loingseoireacht agus le heitleonaic |
| 7EC3 | Córais rialaithe eitilte |
| 7EC4 | Trealamh táirgthe le haghaidh loingseoireachta agus eitleonaice |
| 7EC5 | Bogearraí le haghaidh loingseoireachta agus eitleonaice |
| 7EC6 | Teicneolaíocht le haghaidh loingseoireachta agus eitleonaice |

**CATAGÓIR 8 – CURSAÍ MUIRÍ**

| **Cód tagartha** | **Cineálacha ítimí** |
|---|---|
| 8EC1 | Feithiclí intumtha agus soithí barr uisce agus córais, trealamh agus comhpháirteanna gaolmhara muirí |
| 8EC2 | Ábhair agus trealamh le haghaidh soithí muirí |
| 8EC3 | Bogearraí muirí |
| 8EC4 | Teicneolaíocht mhuirí |

**CATAGÓIR 9 – AERSPÁS AGUS TIOMÁINT**

| **Cód tagartha** | **Cineálacha ítimí** |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 9EC1 | Innill aeraspáis agus gástuirbíní (seachas UAV) |
| 9EC2 | UAV agus tiomáintí lena n-aghaidh |
| 9EC3 | Roicéid agus spásárthaí |
| 9EC4 | Roicéadinnill |
| 9EC5 | Trealamh le haghaidh gaoth-thollán, saoráidí tástála agus cuasán |
| 9EC6 | Bogearraí le haghaidh aerspáis agus tiomána |
| 9EC7 | Teicneolaíocht le haghaidh aerspáis agus tiomána |

**ÍTIMÍ NEAMHLIOSTAITHE**

| **Cód tagartha** | **Cineálacha ítimí** |
|---|---|
| XEC1 | Eile/neamhliostaithe |

**IARSCRÍBHINN B**

**Ítimí cibearfhaireachais de réir Airteagal 2(20) de Rialachán (AE) 2021/821**

| **Cód tagartha** | **Ítimí cibearfhaireachais** |
|---|---|
| CS1 | Bogearraí ionraidh |
| CS2 | Córais idircheaptha teileachumarsáide |
| CS3 | Córais faireachais ar an idirlíon |
| CS4 | Bogearraí monatóireachta cumarsáide |
| CS5 | Uirlisí fóiréinseacha/imscrúdaitheacha |
| CS6 | Ítimí liostaithe eile is féidir a úsáid mar ítimí cibearfhaireachais |
| CS7 | Ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe eile is féidir a úsáid mar ítimí cibearfhaireachais |